



Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

i gCill Éinde, An Spidéal
Gach Satharn 10am—11am
Páidrín gach Domhnach
@ 5.00i.n.
Fáilte roimh cách

Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:

Cill Éinde (Paróiste)
 IBAN: IE81AIBK93740104660088
 BIC: AIBKIE2D

Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)
 IBAN: IE50AIBK93740104660161
 BIC: AIBKIE2D
Oibreacha deisiúcháin riachtanacha
 IBAN IE02AIBK937401046608 31

Tacaíocht Airgeadais an Pharóiste

Beidh na clúdaigh nua do 2027 á ordú anois. Arís, impím ar dhaoine na clúdaigh seo a úsáid mar go gcabhraíonn siad le ioncam an pharóiste a choinneáil leibhéal ó sheachtain go seachtain. Cabhraíonn siad go speisialta i gcás daoine a íocann cáin, mar go mbíonn an paróiste in ann an cáin a fháil ar ais. Má tá daoine nua atá sásta bosca a thógáil, bhéinn an-bhuíoch ach an fhoirm a líonadh.

(Tá na foirmeacha ar fáil ag na doirse) agus san Oifig nó ríomhphoist a sheoladh chuig cilleinde@outlook.ie.

Molaigí an Tiarna

Curfá
 Molaigí an Tiarna, Molaigí an Rí,
 Molaigí ár Slánaitheoir, Molaigí an Críost.
 Molaigí an Tiarna, Molaigí an Rí,
 Molaigí ár Slánaitheoir, Molaigí an Críost.


Véarsa
 Tagaigí ag damhsa, Tagaigí ag caint,
 Tagaigí ag canadh, Tagaigí ag seinnt.
 (Curfá)

Véarsa
 Canaigí go glórmhar, Canaigí go hard,
 Canaigí go croíúil, Canaigí le grá. (Curfá)

Le háthas is le lúcháir Dé

Le háthas is le lúcháir Dé a scarfaimid anois,
 Mar i gcosa láidre Dé a bheas ár siúl.
 I súile caoine Dé a fheicfear a chéile
 Is dóchas Dé a thabharfaidh misneach dhúinn
 Agus Alleluia.


Le Spiorad Dé a oibreoimid an tseachtain
 romhainn anois,
 Is síocháin Dé a líonfaidh suas ár gcroí.
 Le briathra Dé a labhróimid go cneasta dearfa
 binn,
 ‘S le háthas Dé a fhíllfimid arís
 Agus Alleluia.



Aifrin na Marbh 2ú - 10ú Samhain

Cé go mbeimid ag guí ag na hAifrinntí seo ar son na ndaoine atá ainmnithe againn ar Liostaí na Marbh, beidh dara intinn gach lá chomh maith chun cabhrú lenár gcuid smaointe a dhíriú ar a saoil, ar a gcreideamh agus mar a bhásaigh siad.

Clúdaigh le liostaí ar fáil ag na doirse.



PARÓISTE AN SPIDÉIL **LÁ NA NAOMH UILE** **1 SAMHAIN 2026**

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie

Oifig: 083 8126745 *Ríomhphost:* cilleinde@outlook.ie

Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin,

Dé hAoine 10.00-2.00

Aifrin & Intinní na Seachtaine



Cill Éinde, Spidéal

Dé Domhnaigh	1ú	11.00r.n	Máirtín Ó Curraoin a bhean Máire, mac Pádraic & mhuintir <i>Baile Éamoinn</i>
Dé Céadaoin	4ú	10.00r.n	Muintir Mc Donagh <i>Leitir Mealain</i>
Déardaoin	5ú	10.00r.n	Muintir Harte <i>Sligeach</i>
Dé hAoine	6ú	10.00r.n	Na Anamacha Naofa Michael Faherty (<i>ag obair ar fharraige</i>)
Dé Domhnaigh	8ú	11:00r.n	Mary Lydon Aifreann cionn míosa <i>Seanadh Mhóinín</i> Mairín & Eamonn Ryan <i>Sidheán/B.A.C.</i> Catherine (Ca) Ní Chonghaile Céad Cuimhneachán <i>Cré Dhubh</i>



Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

Dé Sathairn	31ú	6.30i.n.	Máire Costello 4ú Cuimhneachán <i>Doire Choill</i> Seán Leainde <i>Na Doireadh</i>
Dé Sathairn	7ú	6:30i.n.	Filimíne Uí Iarnáin Céad Cuimhneahán <i>Sailethúna/Spidéal</i>



Cill Mhuire, Na Minna

Dé Domhnaigh	1ú	9:30am	<i>Missa Pro Populo</i>
Dé Domhnaigh	8ú	9:30am	Coilín Cooke <i>Minna</i>

Loinneog don Iontróid
Déanaimis uile gairdeas tríd an Tiarna, ag ceiliúradh na féile seo dúinn chun onóir na Naomh uile. Cuireann a lá féile áthas ar na haingil agus molann siad Mac Dé dá chionn.

Na DeasghnáthaTosaigh
In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir. **Agus le do spiorad féin.**

Gníomh Aithrí
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhruíte a shlánú: *A Thiarna, déan trócaire. A Thiarna, déan trócaire.*

Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh: *A Chríost, déan trócaire. A Chríost, déan trócaire.*

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son: *A Thiarna, déan trócaire. A Thiarna, déan trócaire.*

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

An Ghlóir
Glóir do Dhia sna harda, **agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola. Molaimid thú; móramimid thú; adhramimid thú; tugaimid glóir duit; gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire; a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh. A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar, tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn. Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

Urnaí
A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, tugann tú dúinn luaíocht do chuid naomh uile a cheiliúradh in aon fhéile amháin. Iarraimid ort, trí impí na sluaite sin naomh ag guí orainn, tuile do thrócaire lena bhfuilimid ag tnúth a thál orainn. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht
Sliocht as leabhar an Apacailipsis 7:2-4, 9-14
Ansin chonaic mé aingeal eile ag gabháil suas ó éirí gréine agus séala le Dia beo aige, agus ghlaoiigh sé in

ard a ghutha ar na ceithre aingeal ar ar cuireadh de chúram dochar a dhéanamh do thalamh agus do mhuir, agus dúirt sé: ‘Ná déanaigí dochar do thalamh ná do mhuir ná do na crainn go dtí go gcuirfimid séala ar chláradán sheirbhísigh Dé.’ Agus chuala mé líon na ndaoine ar cuireadh an séala orthu, céad agus daichead a ceathair míle agus iad as gach treibh de chlann Isráél.

Ina dhiaidh sin ba sheo an mathshlua mór nárbh fhéidir d’aon duine a chomhaireamh as gach cine agus treibh agus pobal agus teanga; bhíodar ina seasamh os comhair na ríchathaoireach agus i láthair an Uain, iad gléasta in éidí geala agus craobhacha pailme acu ina lámha. Agus bhíodar ag glaoch de ghlór ard: ‘Slánú dar nDia a shuionn ar an ríchathaoir agus don Uan!’ Bhí na haingil go léir ina seasamh mórthimpeall na ríchathaoireach agus na seanóirí agus na gceithre dhúil, agus chaith siad iad féin ar a n-aghaidh os comhair na ríchathaoireach ag adhradh Dé á rá: ‘Amen. Beannacht agus glóir agus eagna agus buíochas agus onóir agus údarás agus neart dár nDia go deo deo. Amen.’

Ansin labhair duine de na seanóirí agus dúirt sé liom: ‘Iad seo atá gléasta in éidí geala, cé hiad féin agus cad as a dtáinig siad?’ Dúirt mé mar fhreagra air: ‘A Thiarna liom, tá a fhios agat.’ Agus dúirt sé liom: ‘Is iadsan an dream atá gafa tríd an duainéis mhór; nigh siad agus gheal siad a n-éidí i bhfuil an Uain.’ *Briathar an Tiarna. Buíochas le Dia.*

Salm le Freagra
Fr: A leithéid siúd a bhíonn ar do thóir, a Thiarna.

- Leis an Tiarna an chruinne agus a bhfuil inti; an domhan go léir agus a maireann ann. is é féin a bhunaigh ar an aigéan é, agus a dhaingnigh ar an bhfarraige íochtarach é. *(Fr)*
- Cé a rachaidh suas ar chnoc an Tiarna? Cé a bheidh ina sheasamh ar a láthair naofa? An té a bhfuil lámha gan smál agus croí glan aige, an té ar beag air nithe gan tairbhe. *(Fr.)*
- Beidh beannacht an Tiarna ar an té sin agus luach saothair ó Dhia a shlánaitheoir. A leithéid siúd a bhíonn á lorg, a bhíonn ar thóir Dhia Iácób. *(Fr.)*

An Dara Léacht
Sliocht as céadlitir N. Eoin 3:1-3
A chlann ionúin, breathnaigí cén saghas grá a thug an tAthair dúinn, go nglaofaí clann Dé orainn, agus is amhlaidh sinn. Is é an fáth nach n-aithníonn an saol sinne mar nár aithin sé eisean. A chlann ionúin, is clann Dé cheana féin sinn, agus nár foilsíodh fós cé mar a bheimid; ach nuair a fhoilseofar é, is feasach sinn go mbeimid ina chosúlachtsan mar go bhfeicfimid é mar atá sé. Agus gach duine a chothaíonn an dóchas diaga seo ann féin, naomhaíonn sé é féin faoi mar atá seisean naofa. *Briathar an Tiarna. Buíochas le Dia.*

Alleluia, alleluia!
Tagaigí chugam, sibhse uile a bhfuil saothar agus tromualach oraibh, agus tabharfaidh mé faoiseamh daoibh, a deir an Tiarna. **Alleluia!**

Soiscéal
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha – 5:1-12
Nuair a chonaic Íosa na sluaite, chuaigh sé an sliabh suas. Shuigh sé síos agus tháinig a dheisceabail chuige. Thosaigh sé ag caint leo á dteagasc agus dúirt: ‘Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas. Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad. Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht. Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na firéantachta orthu, óir sásófar iad. Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu. Is méanar dóibh seo atá glán ó chroí, óir feicfidh said Dia. Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu. Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfiréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas. Is méanar daoibh féin nuair a bhéarfار aithis daoibh agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa. Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh.’
Soiscéal an Tiarna. Moladh duit, a Chríost.

An Chré
Creidim in aon Dia amháin, an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe. Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé, an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann, Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia; an té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá de chomhshubstaint leis an Athair: is tríd a rinneadh an uile ní. Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh. Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire agus ghlac sé nádúr daonna. Céasadh ar an geros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é. D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar. Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht. Creidim sa Spiorad Naomh,

Tiarna agus bronntóir na beatha, an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac. Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe. Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda. Adhmaim an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí. Agus táim ag súil le haiséirí na marbh, agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse. **Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

Os Cionn na nOfrálacha
Bíodh fáilte agat roimh na tabhartais seo a ofráilaimid duit, a Rí na bhfeart. Go dtuga an t-ómós seo dár guid an ghlóir is dual duit. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.

An Comaoineach
Iarchomaoineach
A Thiarna, cuir bláth ar an ngrá a roinntear orainn sa tsacraimint seo. Go dté an ceiliúradh diamhrach seo i bhfeidhm go tréan ar ár saol as seo amach. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh
Go raibh an Tiarna libh. Agus le do spiorad féin.

Go mbeannai Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. Amen.